


BEARTAS

QQI.

Croí-Bheartais agus Critéir maidir le Cuimsiú
Dámhachtainí laistigh den Chreat



Arna chomhchistiú ag
an Aontas Eorpach



Dearbhú Cáilíochta
agus Cáilíochtaí Éireann
Quality and
Qualifications Ireland

RÉAMHRÁ

Is comhlacht reachtúil é QQI a bhfuil feidhmeanna sainráite aige maidir le cuimsiú dámhachtainí laistigh den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) ar a dtabharfar ‘an Creat’. Tá na beartais agus na critéir seo bunaithe aige de bhun alt 55E(1)(b) den Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012 (“Acht 2012”) arna leasú¹.

Is próiseas rialála é cuimsiú dámhachtainí laistigh den Chreat trína gcinntear ar cheart dámhachtain a chuimsiú laistigh den Chreat agus tagairt á déanamh do na ceanglais atá sonraithe in Alt 55E(7) agus (8) den Acht. Déanfar dámhachtainí atá cuimsithe laistigh den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí a liostú ar Chlár Cáilíochtaí na hÉireann (IRQ)².

Ceanglaíonn Alt 43(5) d’Acht 2012 ar na daoine seo a leanas comhoibriú leis an Údarás i gcur i bhfeidhm na mbeartais agus na gcritéir arna mbunú faoi S55E(1)(b):

- forais cháiliúcháin ainmnithe
- forais a oibríonn faoi Údarás Tarmhligthe QQI
- foras a dhéanann dámhachtain faoin Acht Oideachais 1998 a bheidh sonraithe ag an Aire mar dhámhachtain a thagann faoin bparagraf seo.

Ceanglaítear go sainráite ar fhorais cháiliúcháin liostaithe (LABanna) ceanglais na mbeartais agus na gcritéir arna mbunú faoi S55E(1)(b) a chomhlíonadh chun go mbeidh a gcuid dámhachtainí cuimsithe laistigh den Chreat.

CUID 1: COMHTHÉACS

1. RÉAMHRÁ

Seo iad na croí-bheartais agus critéir maidir le cuimsiú dámhachtainí laistigh den Chreat. Is próiseas rialála é seo a chinneann ar cheart dámhachtain a chuimsiú laistigh den Chreat.

2. AN CREAT NÁISIÚNTA CÁILÍOCHTAÍ

Tugann Alt 43 d’Acht 2012 freagracht shainráite do QQI as an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí a bhunú agus a chothabháil. Córas leibhéal agus cineálacha dámhachtainí atá sa Chreat atá bunaithe ar chaighdeán eolais, scile nó inniúlachta atá le gnóthú ag foghlaimeoir chun teideal a thabhairt don foghlaimeoir ar dhámhachtain ag leibhéal ar leith agus den chineál i dtrácht³.

Is córas 10-leibhéal é an Creat a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar na cáilíochtaí i gcóras

1 [Achtanna Leasaithe \(lawreform.ie\)](http://Achtanna_Leasaithe_(lawreform.ie))

2 www.irq.ie

3 [Imlíne de Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí - Cinntí arna ndéanamh ag Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann determinations.qxd \(qqi.ie\)](#)

oideachais agus oiliúna na hÉireann agus cuimsíonn sé dámhachtainí ginearálta oideachais, breisoideachais agus oiliúna (BOO), agus ardoideachais (AO). Sainmhínítear deich leibhéal an CNC de réir Ghreille Táscairí Leibhéil an CNC⁴ do gach ceann de na trí shnáithe (eolas, scil agus inniúlacht) agus ocht bhfo-shnáithe. Cuimsíonn an CNC raon cineálacha dámhachtana freisin^{5 6}. Tá cúig rang de dhámhachtainí CNC ann: mórdámhachtainí, miondámhachtainí, dámhachtainí sainchuspóra, forlíontacha agus gairmiúla.

2.1 DÁMHACHTAINÍ

Cáilíocht is ea dámhachtain a bhronntar ar fhoghlaimoír ar éirigh leis/léi clár oideachais nó oiliúna a chríochnú trí na caighdeáin riachtanacha eolais, scile nó inniúlachta a thaispeáint.

Úsáideann QQI na téarmaí dámhachtainí agus cáilíochtaí go hidirmhalartaithe i gcomhthéacs na hÉireann. Breathnaítear ar aon dámhachtain a chuimsítear laistigh den Chreat mar cháilíocht, fiú iad sin a chuirtear i láthair mar chúrsaí micridhintiúir.

2.2 CAIGHDEÁIN DÁMHACHTANA

Tagraíonn caighdeáin dámhachtana don eolas, scil nó inniúlacht atá le gnóthú, agus nuair is cuí, le taispeáint, ag foghlaimoír sular féidir cáilíocht shonraithe a dhámhachtain. Is caighdeáin ghinearálaithe iad na tuairisceoirí cineáil dámhachtana CNC do na cáilíochtaí go léir a chuimsítear laistigh den CNC. Is ráitis thagarmharcála iad faoi na gnóthachtálacha foghlama a bhaineann le cineálacha áirithe dámhachtana CNC m.sh., céim bhaitsiléara onóracha.

Le caighdeáin dámhachtana is fusa ráitis shoiléire a sholáthar faoin méid a bhfuiltear ag súil go mbeidh a fhios ag foghlaimoírí cláraithe nó ionchasacha, nó a thuigfidh siad agus a bheidh siad in ann a dhéanamh tar éis clár sonraithe foghlama.

Ní mór do chomhlachtaí dámhachtana caighdeáin dámhachtana ar leith a chinneadh do gach ceann de na dámhachtainí a bheartaíonn siad a chuimsiú laistigh den Chreat. Déantar an caighdeán dámhachtana do dhámhachtain ainmnithe molta a mhionsaothrú sa ráiteas ar íostorthaí foghlama beartaithe an chláir a comhaontaíodh le linn próisis cheadaithe inmheánacha.

2.3 DÁMHACHTAINÍ ATÁ CUIMSITHE LAISTIGH DEN CHREAT

Tá gach dámhachtain atá cuimsithe laistigh den Chreat bunaithe ar chaighdeáin aitheanta a shonraítear i dtéarmaí eolais, scile nó inniúlachta agus a chuirtear in iúl mar thorthaí foghlama. Is éard atá i dtorthaí foghlama ná ráitis ar a bhfuiltear ag súil go mbeidh a fhios ag foghlaimoír cláraithe, a thuigfidh agus, nuair is cuí, a léireoidh sé, ar chríochnú an chláir oideachais agus oiliúna as a dtagann dámhachtain a chuimsítear laistigh den Chreat. Cuirtear gach dámhachtain laistigh den Chreat ag leibhéal sa CNC a bhaineann leis an gcineál dámhachtana agus na caighdeáin dámhachtana lena mbaineann sé. Forbraíonn forais cháiliúcháin dámhachtainí agus na caighdeáin ghaolmhara dámhachtana.

4 [Grid of level indicators 2019.pdf \(qqi.ie\)](#)
5 [descriptors-minor-spa-supplemental-awards.pdf \(qqi.ie\)](#)
6 [Professional Award Type Descriptors.pdf \(qqi.ie\)](#)

2.4 FORAS CÁILIÚCHÁIN

Is comhlacht é foras cáiliúcháin trína n-eisítear dámhachtainí ina n-aithnítear go foirmiúil torthaí foghlama (eolas, scileanna, inniúlachtaí) an duine aonair, tar éis nós imeachta measúnaithe agus bailíochtaithe.

2.5 FORAS CÁILIÚCHÁIN LIOSTAITHE

Is foras cáiliúcháin é foras cáiliúcháin liostaithe (LAB) nach bhfuil cumhachtaí dámhachtana reachtúla ó thaobh dámhachtainí CNC aige sa Stát agus a fhéachann go deonach lena dhámhachtainí a chuimsiú laistigh den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

Ní fhéadfaidh foras cáiliúcháin liostaithe a chumhacht a tharmligean nó a aistriú chun dámhachtainí a chuimsítear sa CNC a dhéanamh.

2.6 AN BUNÚS REACTÚIL LE DÁMHACHTAINÍ A CHUIMSIÚ LAISTIGH DEN CHREAT

Ceadaíonn Alt 55D d'Acht 2012 don QQI cinneadh a dhéanamh an bhfuil sé cuí go mbreathnófaí ar dhámhachtainí foras áirithe mar dhámhachtainí atá cuimsithe laistigh den Chreat.

Tacaíonn na beartais agus na critéir seo a bunaíodh faoi S55E (1)(b) d'Acht 2012 le cinntí an Údaráis dámhachtainí a chuimsiú laistigh den Chreat.

2.7 TÁILLÍ

Foilsítear sceideal na dtáillí mar mhír ar leithligh.

2.8 CEADÚ SIARGHABHÁLACH

Bunaítear LABanna ó dháta ceadaithe agus ní bhreithneofar dámhachtainí a ceadaíodh le cuimsiú laistigh den Chreat ach amháin ón dáta sin ar aghaidh. Ní bhreithneofar dámhachtainí a dhéantar roimh bhunú mar LAB mar dhámhachtainí atá cuimsithe laistigh den Chreat.

Ní chuireann tabhairt isteach an bheartais seo isteach ar dhámhachtainí a bhí san áireamh roimhe seo sa CNC.

Is féidir le dámhachtainí a bhain leas as ailíniú le CNC roimhe seo leanúint ar aghaidh ag lua ailíniú don tréimhse ábhartha.

CUID 2: NÓSANNA IMEACHTA MAIDIR LE CUIMSIÚ DÁMHACHTAINÍ LAISTIGH DEN CHREAT

3. CINEÁLACHA DIFRIÚLA FORAS CÁILIÚCHÁIN

3.1 FORAIS CHÁILIÚCHÁIN LIOSTAITHE

Forálann an Comh-Phrótacal Earnála⁷ idir QQI agus forais cháiliúcháin ainmnithe (DABanna) do chuimsiú foirmiúil laistigh den Chreat do dhámhachtainí arna ndéanamh ag DABanna. Comhlíonann an prótacal ceanglais ábhartha Alt 55B d’Acht 2012 agus tá sé faoi réir athbheithniú.

Má theipeann ar DAB leanúint leis an bPrótacal Earnála Comhphárteach a chomhlíonadh beidh sé riachtanach don DAB sin cloí leis an mbeartas agus leis na critéir atá leagtha amach i gCuid 3 den doiciméad seo agus leis an bpróiseas iarratais a bhfuil cur síos air i Ranna 7 agus 8.

3.2 QQI

Déantar foráil in TBC maidir le cuimsiú dámhachtainí QQI laistigh den Chreat.⁸

3.3 COMHLACHTAÍ A OIBRÍONN FAOI ÚDARÁS TARMLIGTHE QQI

Foráiltear sna Nósanna Imeachta agus Critéir a bhaineann le Tarmligean Údaráis go gcuimseofaí dámhachtainí laistigh den Chreat do chomhlachtaí a oibríonn faoi údarás tarmligthe QQI.

3.4 COMHLACHT A DHÉANANN DÁMHACHTAIN FAOIN ACHT OIDEACHAIS 1998

Tá na comhlachtaí seo díolmhaithe ó na beartais agus na critéir seo.

3.5 LABanna

Faomhann QQI LABanna lena mbunú de réir *Beartas agus Critéir chun Forais Cháiliúcháin Liostaithe a Bhunú*. Áirítear dámhachtainí na LABanna laistigh den Chreat de réir na mbeartas agus na gcritéir seo.

⁷ [Joint-sectoral protocol DABs.pdf \(qqi.ie\)](#)

⁸ Cuirtear in iúl duit go mbeidh dámhachtainí QQI faoi réir cinntí maidir le cuimsiú dámhachtainí laistigh den Chreat, ach tá cur chuige an bheartais fós á thabhairt chun críche.

4. RÉAMHRIACHTAN AIS ROIMH IARRATAS AR DHÁMHACHTAINÍ A CHUIMSIÚ LAISTIGH DEN CHREAT

4.1 BUNÚ MAR LAB

Ní mór d'iarratasóirí a bheith bunaithe mar LAB sula bhféadfar a ndámhachtainí a chuimsiú laistigh den Chreat. Féadfaidh LAB ionchasach iarratas a dhéanamh ar chuimsiú agus ar bhunú ag an am céanna.

Bunaítear LAB maidir leis na dámhachtainí a bheartaíonn sé a dhéanamh, mar sin d'fhéadfadh an LAB a bheith teoranta ó thaobh na ndámhachtainí is féidir a chuimsiú. D'fhéadfadh go mbeadh gá le raon feidhme an liostaithe a bhaineann le bunú tosaigh an LAB a athbhreithniú agus dámhachtainí breise beartaithe á mbreithniú.

4.2 NÓSANNA IMEACHTA CUÍ DC

Caithfidh na nósanna imeachta um dhearbhu cáilíochta arna n-ullmhú faoi Alt 55F d'Acht 2012 a bheith oiriúnach do na dámhachtainí a mholtar a chuimsiú laistigh den Chreat maidir le caighdeán a leagan síos, measúnú, dámhachtainí a dhéanamh agus deimhniú.

Ina theannta sin, i gcás LABanna soláthraí agus LABanna cumaisc, ní mór do na nósanna imeachta DC a bhunaítear faoi Alt 28 a bheith ceadaithe ag QQI. Féadfaidh LAB ionchasach iarratas a dhéanamh ar cheadú nósanna imeachta DC, nuair is cuí, ag an am céanna le bunú agus cuimsiú tosaigh na ndámhachtainí.

Féadfaidh LABanna seanbhunaithe dámhachtainí breise a chur isteach lena gcuimsiú laistigh den Chreat tar éis a mbunaithe tosaigh. Ba chóir nósanna imeachta DC a athbhreithniú agus a nuashonrú chun na dámhachtainí breise a léiriú, más gá.

4.3 NÓSANNA IMEACHTA CUÍ ATP

Caithfidh na nósanna imeachta rochtana, aistrithe agus forchéimnithe (ATP) arna n-ullmhú faoi Alt 56 d'Acht 2012 a bheith oiriúnach do na dámhachtainí a bheartaítear a chuimsiú laistigh den Chreat. Ina theannta sin, i gcás LABanna soláthraithe agus LABanna i gcomhcheangal, ní mór do na nósanna imeachta seo a bheith ceadaithe ag QQI. Féadfaidh LAB ionchasach iarratas a dhéanamh ar cheadú nósanna imeachta ATP, nuair is ábhartha, ag an am céanna le bunú agus cuimsiú tosaigh dámhachtainí.

Féadfaidh LABanna seanbhunaithe dámhachtainí breise a thíolacadh le cuimsiú laistigh den Chreat tar éis a mbunaithe tosaigh. Ba cheart machnamh a dhéanamh ar an ngá atá le nósanna imeachta ATP a nuashonrú agus a athbhreithniú nuair atáthar ag iarraidh dámhachtainí nua agus breise a chuimsiú laistigh den Chreat.

4.4 DÍCHEALL CUÍ

D'fhéadfadh go gceanglófar ar LABanna bunaithe fianaise ar chomhlíonadh leanúnach na rialachán um dhícheall cuí arna mbunú faoi Alt 29B den Acht a sholáthar sula n-áirítear dámhachtainí breise laistigh den Chreat.

D'fhéadfadh go gceanglófaí ar LABanna seanbhunaithe comhlíonadh leanúnach na rialachán díchill chuí, arna mbunú faoi Alt 29B den Acht a dhearbhuí sula n-áirítear dámhachtainí breise laistigh den Chreat. Coimeádann QQI an ceart chun a mheasúnú díchill chuí féin a dhéanamh ar sholáthraithe comhlachaithe sula gceadaítear íocaíochtaí leis an gCiste um Chosaint Foghlaimoírí.

4.5 PRINTÍSEACHTAÍ

Sula gcuimseoidh LAB dámhachtainí printíseachta laistigh den Chreat, beidh gá le formhuiniú ón rialtóir arna cheapadh faoin Acht Oiliúna Tionscail 1967.

5. RAON FEIDHME AN CHUIMSITHE

Baineann an ceadú le dámhachtain a chuimsiú laistigh den Chreat leis an bhfaisnéis a chuir an t-iaratasóir isteach agus fianaise á tabhairt ar na critéir atá leagtha amach i gCuid 3. Tá an foras cáiliúcháin freagrach as a chinntiú nach gcuireann aon athruithe nó modhnuithe ar an dámhachtain isteach ar a sheasamh.

Sa chás go mbíonn tionchar suntasach ag athruithe molta ar an dámhachtain mar go bhfuil sí liostaithe ar an IRQ, beidh ceadú ag teastáil chun dámhachtain nua a chuimsiú laistigh den Chreat. Cinnteoidh sé seo go ndéanfar taifid a nuashonrú chun na dámhachtainí ar an IRQ a dhifreáil.

Is éard atá i gceist le hathruithe móra nó measartha ná aon leasuithe a dhéanfaidh difear suntasach do sheasamh na dámhachtana a chuimsítear laistigh den Chreat ach níl na hathruithe teoranta do:

- cineál, aicme nó teideal dámhachtana
- caighdeán dámhachtana nó torthaí foghlama beartaithe
- leibhéal na dámhachtana
- méid creidmheasa na dámhachtana
- soláthraithe comhlachaithe a sholáthraíonn cláir as a leanfaidh an dámhachtain.

6. COINBHINSIÚIN AINMNITHE NA NDÁMHACHTAINÍ

Ní mór do LABanna a chinntiú go bhfuil teidil na ndámhachtainí atá cuimsithe laistigh den Chreat soiléir agus sothuigthe. Is féidir leis an bhforas cáiliúcháin sainteidil dámhachtana a chinneadh ar aon dul leis an réimse foghlama ábhartha.

Go hiondúil, beidh gá le gais dámhachtana a bheith ag teacht leis na coinbhinsiúin a chuirtear ar

fáil in Aguisín A. Déileálfar le claontaí ó Aguisín A ar bhonn cáis. Soláthraítear in Aguisín A na gais dámhachtana a bhaineann le gach leibhéal.

6.1 DÁMHACHTAINÍ GAIRMIÚLA

Féadfaidh LABanna a úsáideann an tuairisceoir cineáil dámhachtana gairmiúla i bhforbairt na dámhachtana agus/nó a mheastar mar fhoras gairmiúil an gas ‘gairmiúil’ a chur isteach roimh an teastas agus an diplóma ag leibhéal 5-9.

Is féidir le LABanna dámhachtain dhúbailte a dhéanamh sa chás go bhfuil an dara dámhachtain tionscail nó dámhachtain ghairmiúil agus/nó ainmniúchán bainteach leis an bhfoghlaim chéanna agus go dtugann sé soiléireacht bhreise don dámhachtain dá bhforáiltear in Aguisín A. Ní mór an teideal dámhachtana breise seo a chur isteach mar chuid de chuimsiú na ndámhachtainí agus cuirfead in iúl é san IRQ.

6.2 CÚRSAÍ MICRIDHINTIÚR

Is féidir cineálacha miondámhachtana, sainchuspóra agus forlíontacha a úsáid chun cúrsaí micridhintiúr a fhorbairt i gCreat Cáilíochtaí na hÉireann.

7. FORAIS CHÁILIÚCHÁIN IDIRNÁISIÚNTA

Táthar ag súil, ar an mbunú tosaigh, go n-áireoidh forais cháiliúcháin idirnáisiúnta dámhachtainí atá á dtairiscint cheana féin sa Stát, a rialaítear ina ndlínse baile, agus a áireofar ar an gcreat náisiúnta ábhartha ina ndlínse baile.

Is féidir le forais cháiliúcháin idirnáisiúnta (i.e. iad siúd atá bunaithe go príomha lasmuigh d’Éirinn) dámhachtainí saincheaptha a fhorbairt le cuimsiú laistigh de CNC na hÉireann ach d’fhéadfadh go mbeadh formhuiniú breise de dhíth orthu ó údarais ábhartha sa Stát. Déileálfar leis seo ar bhonn cáis.

8. DÁMHACHTAINÍ A ULLMHÚ AGUS A GCUIMSIÚ LAISTIGH DEN CHREAT A IARRAIDH

Imlínítear sa chuid seo na bearta a theastaíonn chun aighneacht a dhéanamh chun dámhachtainí a chuimsiú laistigh den Chreat.

8.1 SULA NDÉANTAR IARRATAS

Ní mór d’fhoras cáiliúcháin ionchasach a chinntiú gur comhlíonadh na réamhriachtanais atá leagtha amach i gCuid 4 mar chuid den iarratas chun dámhachtainí a chuimsiú laistigh den Chreat. Caithfidh iarratas ar dhámhachtainí a chuimsiú laistigh den Chreat cloí le ceanglais uile an

bheartais agus na gcritéar seo.

Ní mór do LAB bunaithe a chinntiú go bhfuil na réamhriachtanais atá leagtha amach i gCuid 4 den doiciméad seo comhlíonta roimh iarratas a dhéanamh chun dámhachtainí breise a chuimsiú laistigh den Chreat.

Ní thabharfaidh iarratas ó fhoras cáiliúcháin chuig QQI le tuiscint gur comhlíonadh aon cheann de na ceanglais.

8.2 MEASTÓIREACHT ARNA DÉANAMH AG AN BHFORAS CÁILIÚCHÁIN

Sula ndéantar iarratas ar chuimsiú dámhachtainí laistigh den Chreat, tá sé de cheangal ar fhoras cáiliúcháin tuarascáil a sheoladh agus a ullmhú agus meastóireacht chriticiúil agus oscailte a dhéanamh de réir chritéir QQI ar na dámhachtainí a bheartaítear a chuimsiú laistigh den Chreat.

Ag brath ar mhéid agus ar líon na ndámhachtainí a mholtar a chuimsiú, féadfaidh foras cáiliúcháin roghnú an mheastóireacht a ullmhú bunaithe ar:

- dámhachtainí aonair
- grúpaí dámhachtainí - le grúpáil de réir leibhéil, cineál dámhachtana, ábhair nó modh seachadta. Is faoi lánrogha an iarratasóra é seo ach faoi réir dheimhniú QQI.

I gcás ina n-ullmhaíonn foras cáiliúcháin an mheastóireacht bunaithe ar ghrúpaí dámhachtainí, féadfaidh QQI faisnéis bhreise a iarraidh chun é féin a shásamh go bhfuil údar leis an gcur chuige grúpa. Féadfar an t-iarratas seo a eisiúint tráth ar bith le linn na meastóireachta. Ar deireadh, is féidir go mbeadh ar an bhforas cáiliúcháin a théann leis an gcur chuige samplála faisnéis mhionsonraithe a chur isteach faoi gach dámhachtain bheartaithe aonair sa ghrúpa ábhartha.

8.3 DOICIMÉID TACAÍOCHTA

Ní mór dóthain faisnéise a bheith sa doiciméadú chun critéir QQI a chomhlíonadh, mar atá leagtha amach i gCuid 3.

Ba cheart go n-áireofaí sa doiciméadú tacaíochta na príomhnósanna imeachta go léir, lena n-áirítear nósanna imeachta DC a bunaíodh faoi Alt 55F den Acht, agus bunaithe ar na treoirlínte arna n-eisiúint ag QQI faoi Alt 271A den Acht. Ní mór do LABanna soláthraí agus LABanna cumaisc nósanna imeachta DC arna mbunú faoi Alt 28 den Acht a chur isteach freisin, agus tá siad seo faoi réir cheadú QQI. Féadfaidh LAB cumaisc sraith amháin nósanna imeachta DC a fhorbairt chun ceanglais S55F agus S28 araon a chomhlíonadh.

I gcás comhlachtaí dámhachtana neamhsoláthraí agus forais cháiliúcháin chumaisc, ba cheart go n-áireofaí sa doiciméadú tacaíochta na nósanna imeachta chun soláthraithe comhlachaithe a cheadú, chun faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh orthu, le tagairt d'aon treoir ó QQI a eisítear.

Sa chás go bhfuil an mheastóireacht i 5.2 déanta ag foras cáiliúcháin bunaithe ar ghrúpáil dámhachtainí, ní mór doiciméid tacaíochta a thugann fianaise ar an gcur chuige a gcuirtear síos air a sholáthar le haghaidh 10% ar a laghad de na dámhachtainí i ngach grúpa. Féadfaidh fianaise ar nós imeachta ceadaithe na dámhachtana a bheith san áireamh i bhfianaise den sórt sin.

8.4 SOLÁTHRAITHE COMHLACHAITHE

I gcás ina mbeartaítear gur soláthraí/soláthraithe a dhéanfaidh cláir as a leanfaidh na dámhachtainí a bheartaítear a chuimsiú laistigh den Chreat a sheachadadh, ní mór a bheith soiléir cé na soláthraithe comhlachaithe a bhaineann le gach dámhachtain. Caithfidh soláthraithe comhlachaithe ceadaithe a bheith ag LABanna de réir aon treoir arna eisiúint ag QQI, le tagairt shonrach do rialacháin arna mbunú faoi Alt 29B den Acht. Féadfaidh LAB soláthraithe comhlachaithe breise a cheadú tar éis cuimsiú tosaigh na ndámhachtainí. Ní mór QQI a chur ar an eolas faoi na soláthraithe comhlachaithe nua seo, agus ní mór iad a liostú ar an IRQ sula mbronnar dámhachtain CNC ar fhoghlaimoirí.

Ceanglaítear ar sholáthraithe comhlachaithe, mura bhfuil siad díolmhaithe, íoc isteach sa Chiste um Chosaint Foghlaimoora mar a ordáíonn QQI.

8.5 AN T-IARRATAS A CHUR LE CHÉILE AGUS A DHÉANAMH

Caithfidh na nithe seo a leanas a bheith i ngach iarratas ar dhámhachtainí a chuimsiú laistigh den Chreat:

- A. Doiciméadú a thaispeánann gur comhlíonadh na Réamhriachtanais (4) go sásúil nó go ndearnadh iarratas orthu ag an am céanna;
- B. Tuarascáil mheastóireachta an fhorais cháiliúcháin (5.2);
- C. Na doiciméid tacaíochta, lena n-áirítear próisis cheadaithe samplacha na ndámhachtainí beartaithe (5.3);

Caithfidh na doiciméid lena n-áirítear tuarascáil mheastóireachta an fhorais cháiliúcháin díriú ar na critéir. Féadfaidh QQI iarratas ar dhámhachtainí a chuimsiú laistigh den Chreat a dhiúltú ar na forais nach ndírítear san iarratas ar na critéir ina n-iomláine. Is ar an iarratasóir atá an dualgas cás iomlán a chur i láthair. Caithfidh an t-iarratas ar dhámhachtainí a chuimsiú laistigh den Chreat a bheith sínithe ag príomhfheidhmeannach an tsoláthraí (nó a chomhionann) a dheimhníonn go bhfuil an fhaisnéis a cuireadh ar fáil fíor agus gur díriodh ar na critéir infheidhme go léir.

8.6 IARRATAS AR CHUIMSIÚ DÁMHACHTAINÍ LAISTIGH DEN CHREAT A THARRAINGT SIAR

Féadfar iarratais ar dhámhachtainí a chuimsiú laistigh den Chreat a tharraingt siar roimh thús chéim na meastóireachta neamhspleáiche. Tar éis do chéim na meastóireachta neamhspleáiche tosú, de ghnáth rachaidh QQI ar aghaidh chuig cinneadh agus foilseoidh sé an tuarascáil mheastóireachta cheadaithe.

Sonrófar incháilitheacht le haghaidh aisíocaíochtaí i mbeartas táillí agus muirear ar leithligh.

8.7 RÚNDACHT AGUS AN tACHT UM SHAORÁIL FAISNÉISE

Cuirfear na doiciméid (lena n-áirítear na doiciméid atá clúdaithe ag aonad (5.4)) a bhaineann le cuimsiú dámhachtainí laistigh den Chreat ar fáil go rúnda d'fhoireann QQI agus do dhaoine agus d'eagraíochtaí a bhfuil baint acu lena meastóireacht. Mar sin féin, ba chóir a thabhairt faoi deara

go bhfuil QQI faoi réir na reachtaíochta um Shaoráil Faisnéise agus go bhfuil taifid QQI faoi réir iarratais faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

8.8 SCAGADH Ó QQI

Déanfaidh QQI na doiciméid a thacaíonn leis an iarratas a scagadh agus má tá sé sásta go ndírítear ann ar na critéir rachaidh sé ar aghaidh chun measúnú a dhéanamh ar an iarratas. Mura bhfuil QQI sásta go ndírítear sna doiciméid ar na critéir cuirfidh sé é sin in iúl don fhoras cáiliúcháin a fhéadfaidh rogha a dhéanamh aighneacht athbhreithnithe a dhéanamh. Ní ráthaíocht ar bith é pas a fháil sa tseiceáil scagtha seo go bhfaighfear amach sna doiciméid gur díródh ar na critéir nuair a dhéanfar an mheastóireacht neamhspleách orthu.

8.9 DÍOLÚINTÍ

8.9.1 LABanna IDIRNÁISIÚNTA

Ceadaítear le hAlt 55E(9) dul i gcomhairle le comhlachtaí poiblí lasmuigh den Stát maidir le cur i bhfeidhm éifeachtach na mbeartas agus na gcritéar faoi Alt 55E(1). Mar sin, féadfaidh QQI, dá rogha féin amháin, glacadh le formhuiniú agus dearbhú ó údarás rialála inchomparáide i ndlínsí eile chun tacú leis an bpróiseas iarratais. Caithfidh formhuiniú den sórt sin ó údarás poiblí ábhartha a chinntiú do QQI go bhfuil ceadú agus cuimsiú dámhachtainí laistigh de Chreat comhchosúil faoi réir maoirseacht dhian mar a leagtar amach sa bheartas agus sna critéir seo. Déileálfar le díolúintí ón bpróiseas iomlán ar bhonn cáis.

8.9.2 LABanna INTÍRE

I gcás ina bhfuil dearcadh eolach ag údarás poiblí, laistigh nó lasmuigh den Stát, maidir le luach agus riachtanas na ndámhachtainí beartaithe, déanfar é seo a mheas in ionad nó mar chuid den mheastóireacht a dhéanfar faoi 7.5. Déileálfar le díolúintí ón bpróiseas iomlán ar bhonn cáis.

9. IARRATAS AR DHÁMHACHTAINÍ A CHUIMSIÚ LAISTIGH DEN CHREAT A MHEAS AGUS A CHINNEADH

9.1 MEASTÓIREACHT NEAMHSPLEÁCH

- Déanfar measúnú neamhspleách ar gach iarratas ar dhámhachtainí a chuimsiú laistigh den Chreat i gcomparáid leis na critéir atá leagtha amach i gCuid 3, cé go bhféadfaidh QQI comhalta feidhmiúcháin a cheapadh Tá an cur chuige seo leagtha amach thíos.
- Ar a laghad, breithneoidh painéal athbhreithnithe neamhspleách gach iarratas. Cinnfear má léiríonn an t-iarratas comhlíonadh na gcritéar atá leagtha amach i gCuid 3.
- De réir mar a mheastar a bheith riachtanach ó QQI agus trí shocrú le QQI, féadfaidh

meastóirí cuairteanna suímh (fíorúla nó fisiceacha) a dhéanamh mar chuid den mheastóireacht. Féadfaidh siad agallamh a chur ar cheannaireacht an fhorais cháiliúcháin, ar phearsanra an chláir agus na ndámhachtainí agus ar pháirtithe leasmhara ábhartha eile.

- Ní mór don tuarascáil mheastóireachta, a fhéadfaidh meastóir neamhspleách nó an Feidhmeannas a dhréachtú, díriú ar cibé an gcomhlíonann an t-iarratasóir na critéir le bunú mar LAB go ginearálta agus go mion. Ní mór ceann de na moltaí foriomlána seo a leanas a chur san áireamh, agus na beartais agus na critéir is infheidhme á gcur san áireamh:
- **Sásúil** - rud a chiallaíonn go molann sé gur féidir le QQI a bheith sásta go bhfuil na dámhachtainí oiriúnach lena gcuimsiú laistigh den Chreat.
- **Sásúil faoi réir coinníollacha molta** - sonraíthe le scála ama chun gach coinníoll a chomhlíonadh; d'fhéadfadh go n-áireofaí orthu seo coinníollacha molta nach mór a shásamh sula bhféadfar dámhachtainí a chuimsiú laistigh den Chreat i.e., breac-chuntas a thabhairt ar na mionathruithe is gá sula ndéanann QQI cinneadh deiridh.
- **Gan a bheith sásúil.**

Go hiondúil measfar iarratas nach gcomhlíonann na critéir in aon cheann dá ghnéithe mar gan a bheith sásúil. Mar sin féin, chun a chinntiú nach gcuirfean an próiseas i bhfeidhm go míréasúnta, má chinneann meastóireacht neamhspleách go gcomhlíonann an t-iarratasóir na critéir beagnach, ach go bhfuil roinnt mionathruithe de dhíth air, d'fhéadfaí na focail “Sásúil faoi réir coinníollacha speisialta molta” a chur ag deireadh na meastóireachta neamhspleáiche i gcás ina bhforordaítear sna coinníollacha speisialta na hathruithe nach mór a dhéanamh.

Ina theannta sin, i gcásanna eisceachtúla féadfar na ‘coinníollacha speisialta’ a úsáid chun codanna den iarratas a mheastar a bheith sásúil a shainaithint ar bhonn neamhspleách. Ceanglaítear ar gach tuarascáil mheastóireachta neamhspleách réasúnaíocht a thabhairt don soláthraí maidir le haon choinníollacha agus moltaí speisialta a mholtar mar aon leis an gconclúid iomlán.

I gcás moladh neamhshásúil, féadfaidh LAB iarratas nua a chur isteach chun an dámhachtain a chuimsiú laistigh den Chreat tar éis 6 mhí.

9.2 PRÓISEAS CINNTEOIREACHTA

Is é QQI atá freagrach as an gcinneadh foras cáiliúcháin a bhunú mar LAB agus/nó dámhachtainí a chuimsiú laistigh den Chreat. Déanann painéil athbhreithnithe neamhspleácha moltaí do QQI, ach is é QQI a dhéanann an cinneadh deiridh.

- Ní bhreithneofar iarratais ar dhámhachtainí a chuimsiú laistigh den Chreat ach amháin tar éis cinneadh a dhéanamh an t-iarratas ar bhunú mar LAB a cheadú.
- Rachaidh gach iarratas ar dhámhachtainí a chuimsiú laistigh den Chreat ar aghaidh go dtí measúnú mionsonraithe i gcomparáid leis na critéir atá leagtha amach i gCuid 3 den doiciméad seo. D'fhéadfadh cuairt fhíorúil nó chuairt fhisiciúil a bheith i gceist le meastóireacht den sórt sin.
 - Féadfar achomharc a dhéanamh i gcoinne chinneadh diúltach ag an gcéim seo den phróiseas. Ní bheidh iarratasóirí in ann dul ar aghaidh chuig an measúnú ar a dhámhachtainí le cuimsiú laistigh den Chreat ach amháin má cheadaítear an t-achomharc. Ceadófar athiarratas tar éis 6 mhí.

- Iarratasóirí a meastar gur chomhlíon siad na critéir i gCuid 3 den doiciméad seo, beidh na dámhachtainí molta cuimsithe laistigh den Chreat agus liostaithe ar an IRQ.

9.3 MEASTÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA

Beidh meastóirí oibiachtúil agus neamhspleách ar an bhforas cáiliúcháin, agus ar a sholáthraithe comhlachaithe, agus an t-iarratas á dhéanamh m.sh. saor ó leasanna coinbhleachta, agus comhlíonfaidh siad na Róil, na Freagrachtaí agus an Cód Iompair d'Athbhreithneoirí agus do Mheastóirí⁹.

Ní mór do mheastóirí neamhspleácha a bheith inniúil ar mholadh a dhéanamh ar cheart na dámhachtainí a chuimsiú laistigh den Chreat. Ciallaíonn inniúlacht a bheith in ann breithiúnais a dhéanamh agus a chosaint i gcomparáid le critéir infheidhme QQI. Go sonrach, roghnófar meastóirí nó grúpa meastóireachta ar an mbonn go bhfuil an inniúlacht acu údar maith a thabhairt lena mholadh, is cuma cad é..

Maidir le meastóireacht neamhspleách a dhéanamh ar iarratais ar dhámhachtainí a chuimsiú laistigh den Chreat, áireoidh na grúpaí meastóirí ball(i) mac léinn agus beidh siad comhdhéanta de réir chaighdeán ESG 2.4. Beidh meastóirí neamhspleácha a bhfuil saineolas acu ar cháilíochtaí agus/nó creata cáilíochtaí ina mbaill dhílse den fhoireann freisin. Go hiondúil, beidh saineolas ag grúpaí meastóireachta sna nithe seo a leanas:

- A. oibriú agus bainistiú soláthraithe a bhfuil údarás dámhachtana acu atá inchomparáide leis an gceann a iarrtar;
- B. príomhréimsí disciplín na ndámhachtainí ábhartha molta agus
- C. réimsí cineálacha lena n-áirítear oideolaíocht, measúnú, dearbhú cáilíochta, cáilíochtaí agus na réimsí eile go léir atá léirithe ag critéir QQI.

Feidhmeoidh QQI a bhreithiúnas maidir leis an líon meastóirí a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil maidir leis an iarratas atá i gceist agus na hinníúlachtaí is gá ag féachaint don fhoras cáiliúcháin agus na ndámhachtainí ar leith agus nádúr na ndámhachtainí ábhartha molta. Cuirfear oiliúint ar fáil do mheastóirí neamhspleácha nuair a mheasann QQI go bhfuil gá leis.

Níor cheart do mheastóir a bhraitheann nach bhfuil an inniúlacht acu iarratas a mheas glacadh le cuireadh chun é sin a dhéanamh nó má tharlaíonn sé seo, nó coinbhleacht leasa, tar éis glacadh leis, ba cheart dó é sin a chur in iúl do QQI gan mhoill.

9.4 FORMHUINIÚ Ó RIALTÓIR ÁBHARTHA

I gcás LABanna idirnáisiúnta atá faoi réir scéimeanna rialála inchomparáide i ndlínsí eile, féadfar formhuiniú ó rialtóir ábhartha a úsáid mar fhianaise chun dámhachtainí a chuimsiú laistigh den Chreat. Déanfar é seo a chomhaontú tráth an iarratais a bheith bunaithe mar LAB agus beidh sé soiléir an dtagann cuimsiú na ndámhachtainí laistigh de raon feidhme an chur chuige a comhaontaíodh.

- A. Formhuiniú Leibhéal 1 - Cuireann an t-iarratasóir iarratas iomlán isteach.**
Deimhníonn an Rialtóir go bhfuil an LAB is iarratasóir rialaithe agus dea-cháil orthu ach go bhfuil difríocht shuntasach idir an scéim rialála nó nach bhfuil dóthain faisnéise ar fáil.
- B. Formhuiniú Leibhéal 2 - Cuireann an t-iarratasóir iarratas páirteach isteach a chlúdaíonn aon chritéir atá fós le réiteach.**
Deimhníonn an Rialtóir go bhfuil an LAB is iarratasóir rialaithe agus dea-cháil air agus deimhníonn sé go bhfuil comhpháirteanna substaintiúla den scéim rialála inchomparáide - cuireann an t-iarratasóir iarratas isteach chun na critéir atá gan réiteach a chlúdach.
- C. Formhuiniú Leibhéal 3 - Cuireann an t-iarratasóir iarratas íosta isteach**
Deimhníonn an Rialtóir go bhfuil an LAB is iarratasóir rialaithe agus dea-cháil agus go bhfuil MT [nó comhaontú eile níos ábhartha] i bhfeidhm le QQI - cuireann an t-iarratasóir iarratas gairid isteach ina bhfuil na sonraí ábhartha riachtanacha.

9.5 IARRATAIS INA DHIAIDH SIN CHUN DÁMHACHTAINÍ A CHUIMSIÚ LAISTIGH DEN CHREAT

Ar an gcéad dul síos d'iarratas ar dhámhachtain a chuimsiú laistigh den Chreat, bunóidh QQI painéal athbhreithnithe neamhspleách chun measúnú a dhéanamh ar an iarratas chun dámhachtain a chuimsiú laistigh den Chreat.

I gcás iarratas ina dhiaidh sin, coimeádann QQI an ceart measúnú den sórt sin a dhéanamh mar fheidhm feidhmiúcháin. Chun iarratas a bheith incháilithe do mheasúnú Feidhmeannaigh, ní mór do na dámhachtainí a bheith laistigh den raon ceadaithe liostála, agus ní mór fianaise shoiléir, láidir a bheith acu ar an ngá atá leis an dámhachtain. Ní mór an dámhachtain a fhorbairt ar aon dul le gach beartas CNC a bhaineann le hábhar agus ní mór leibhéal loighciúil, cineál dámhachtana, méid creidmheasanna agus teideal a bheith aici, a bhaineann leis an gcaighdeán dámhachtana ar leith agus na torthaí foghlama. Mura bhfuil an Fheidhmeannacht in ann a chinneadh gur comhlíonadh an méid thuas, bunófar painéal neamhspleách chun athbhreithniú a dhéanamh ar an iarratas.

Beidh gach moladh chun dámhachtainí a chuimsiú laistigh den Chreat faoi réir cinnteoireacht rialachais inmheánaigh.

10. DEARBHÚ AN TORAIDH

10.1 DEIMHNIÚ CUIMSITHE

Áireofar cuimsiú na ndámhachtainí laistigh den Chreat agus cuirfear in iúl don soláthraí é trí dheimhniú cuimsithe a eisiúint. Áireofar sa deimhniú sonraí na dámhachtana atá cuimsithe laistigh den Chreat lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do:

- A. LAB
- B. Teideal na dámhachtana
- C. Leibhéal agus cineál na dámhachtana

- D. Méid na gcreidmheasanna
- E. Caighdeán na dámhachtana
- F. Torthaí foghlama
- G. Soláthraithe comhlachaithe ceadaithe
- H. Áireofar dámhachtainí a dhéanfar tar éis dáta x.¹⁰
- I. Dáta athbhreithnithe
- J. Socruithe sainiúla comhoibrithle le haghaidh athbhreithniú le comhlachtaí rialála idirnáisiúnta

10.2 FOILSIÚ TUARASCÁIL NA MEASTÓIREACHTA NEAMHSPLEÁICHE

Is táirge substaintiúil den phróiseas é an tuarascáil mheastóireachta cheadaithe mar aon leis an gcinneadh ar an iarratas ar chuimsiú dámhachtainí laistigh den Chreat, mar aon leis an deimhniú cuimsithe. Foilseofar é tar éis dheireadh na tréimhse achomhairc ach amháin má dhéantar achomharc i gcoinne an chinnidh diúltú don iarratas ar na dámhachtainí nó cuid díobh a chuimsiú, agus sa chás sin foilseofar an tuarascáil mura n-éiríonn leis an achomharc. I gcásanna áirithe, féadfar tuarascáil féinmheastóireachta an fhorais cháiliúcháin a fhoilsiú faoi réir cead a thabhairt don fhoras cáiliúcháin go háirithe má léiríonn sé cleachtas den scoth.

10.3 CLÁR CÁILÍOCHTAÍ NA HÉIREANN

Foilseofar LABanna, agus a ndámhachtainí CNC, lena n-áirítear ráitis torthaí foghlama deimhnithe, ar shuíomh Gréasáin Chlár Cáilíochtaí na hÉireann (IRQ).

Ceadófar mionathruithe ar an bhfaisnéis a fhoilsítear ar an IRQ.

10.4 DÁMHACHTAIN A EISIAMH

I gcás inar ceadaíodh cuimsiú dámhachtana ar fhorais faisnéise atá calaoiseach nó bréagach, eisiafar an dámhachtain ón gCreat, agus foilseofar é seo ar an IRQ.

¹⁰ This date is dependent on the date of decision to include the award in the Framework.

11. DUALGAIS, COINNÍOLLACHA AGUS OIBLEAGÁIDÍ

Tugtar breac-chuntas mionsonraithe ar dhualgais, ar choinníollacha agus ar oibleagáidí na LABanna agus na soláthraithe comhlachaithe in *Beartas agus Critéir um Bunú mar Fhoras Cáiliúcháin Liostaithe*.

Baineann roinnt coinníollacha go sonrath le cuimsiú dámhachtainí laistigh den Chreat lena n-áirítear:

- A. Táthar ag súil, a luaite a chuimsítear dámhachtain laistigh den Chreat, go leanfar dá cuimsiú agus go nglacfaidh an foras cáiliúcháin céimeanna cuí chun a chinntiú go leanann an dámhachtain de bheith cothrom le dáta agus ábhartha do riachtanais na bhfoghlaimeoirí agus na bpáirtithe leasmhara eile.
- B. Tá cuimsiú leanúnach na ndámhachtainí ag brath ar fhianaise imleor ar riachtanas leanúnach don dámhachtain, oiriúnacht na dámhachtana agus fianaise ar athbhreithniú leanúnach agus nuashonrú ar an dámhachtain a gcaithfear fianaise a sholáthar ina leith tráth an athbhreithnithe.
- C. Ní mór dámhachtain CNC a bheith mar thoradh ar gach tairiscint in Éirinn nó do mhic léinn atá lonnaithe in Éirinn ag an bhforas cáiliúcháin liostaithe agus a sholáthraí comhlachaithe cláir as a leanann an dámhachtain. Ní féidir ach le soláthraithe comhlachaithe, agus ní aon tríú páirtithe eile, cláir as a leanfaidh an dámhachtain a thairiscint.
- D. Níl cead ag LABanna dámhachtainí CNC a bhronnadh ar fhoghlaimeoirí lasmuigh d'Éirinn.
- E. Ní mór do LABanna faisnéis agus sonraí a sholáthar faoi dhámhachtainí atá cuimsithe laistigh den Chreat san fhormáid a iarrtar le go bhfoilseofar iad go tráthúil ar an IRQ ar bhonn bliantúil.
- F. Ní mór do LABanna comhoibriú le QQI, lena n-áirítear soláthar faisnéise, maidir lena fheidhmeanna chun dámhachtainí a chuimsiú laistigh den Chreat. Áirítear le faisnéis riachtanach, ach níl sé teoranta dóibh:
 - a. Líon na ndámhachtainí a dhéantar gach bliain
 - b. Rátaí rollaithe agus críochnaithe
 - c. Faisnéis faoi rochtain, aistriú agus dul chun cinn
 - d. Sonraí faoi iarratais agus cinntí Aitheantas Réamhfhoghlama
- G. Ní mór do LABanna QQI a chur ar an eolas láithreach faoi aon rioscaí, saincheisteanna, faisnéis, nó imní a chuireann isteach/a d'fhéadfadh cur isteach ar shláine an CNC, sláine dhámhachtainí Creata nó cáil LAB, soláthraí comhlachaithe nó dámhachtain Creata.

12. DÁMHACHTAINÍ SCOIR

Má bheartaíonn LAB dámhachtainí scoir a thairiscint mar chuid de dhámhachtain CNC, ní mór iad seo a bheith ceadaithe lena gcuimsiú laistigh den Chreat ag QQI sula mbronnfar iad ar mhic léinn.

Ní mór do dhámhachtainí scoir a mholtar lena gcuimsiú laistigh den Chreat a bheith ag teacht le tuairisceoirí cineáil dámhachtana agus táscairí leibhéil agus a bheith ina ngnóthachtáil foghlama comhleanúnach i gcoibhneas leis an dámhachtain atá beartaithe. Ní mór don LAB sainchaighdeáin dámhachtana a fhorbairt do gach dámhachtain scoir.

13. ACHOMHARC I GCOINNE DIÚLTAITHE NO COINNÍOLLACHA

Féadfaidh iarratais ar dhámhachtainí a chuimsiú laistigh den Chreat achomharc a dhéanamh in aghaidh diúltú nó aon choinníollacha a chuirtear i bhfeidhm trí achomharc a thaisceadh leis an bPainéal Achomhairc.¹¹

14. CION

Is cion é dámhachtain a chur i láthair mar dhámhachtain atá cuimsithe laistigh den CNC, mura bhfuil sé ceadaithe ag QQI nó mura dámhachtain de chuid foras cáiliúcháin reachtúil é.

15. COMHDHÁMHACHTAIN

Ní fhéadfaidh LAB gaol comhdhámhachtana a iontráil ach le foras cáiliúcháin eile a bhfuil údarás aige dámhachtainí a dhéanamh a chuimsítear laistigh den Chreat agus a bhfuil an t-údarás aige an dámhachtain Creata ábhartha a dhéanamh. Ní mór foráil a dhéanamh do chomhdhámhachtain i nósanna imeachta DC an LAB.

Ní mór don LAB aon iarratas den sórt sin chun comhdhámhachtain a dhéanamh a leagan amach san iarratas chun dámhachtain a chuimsiú laistigh den Chreat. Caithfidh gaol comhdhámhachtana den sórt sin a bheith ceadaithe ag QQI agus ní mór é a mhionsonrú san IRQ.

¹¹ [Appealing a decision made by QQI | Quality and Qualifications Ireland](#)

CUID 3: NÓSANNA IMEACHTA MAIDIR LE CUIMSIÚ DÁMHACHTAINÍ LAISTIGH DEN CHREAT

16. RÉAMHRÁ

Leagann na critéir amach na riachtanais nach mór a shásamh chun dámhachtainí a chuimsiú laistigh den Chreat. Is gá díriú ar na critéir agus ar na riachtanais fianaise nuair a iarrtar dámhachtainí a chuimsiú. Tá roinnt forluí idir na topaicí a ndíríonn na critéir seo orthu agus iad siúd a ndírítear orthu i gcritéir le haghaidh bunú mar LAB, treoirlínte DC agus a leithéid.

17. CRITÉIR CHUN RIACHTAN AIS RÉASÚNTA FOGHLAIMEOIRÍ AGUS DAOINE EILE A CHOMHLÍONADH

Sonraíonn Alt 55E den Acht gur chóir go bhféachfadh na critéir seo do riachtanais réasúnacha foghlaimeoirí, lucht tionscail, lucht talmhaíochta, lucht gnó, lucht turasóireachta agus trádála, gairmithe, agus na seirbhíse poiblí.

17.1 GÁ LEIS AN DÁMHACHTAIN

- A. Ní mór don fhoras cáiliúcháin a leagan amach go soiléir conas a chuidíonn an dámhachtain bheartaithe le rogha a sholáthar d'fhoghlaimeoirí ag tagairt go sonrach do thairiscintí atá ar fáil sa Stát cheana féin.
- B. Ní mór don fhoras cáiliúcháin breac-chuntas soiléir a thabhairt ar an spriocghrúpa foghlaimeoirí don dámhachtain mholta agus cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a gcomhlíonann an foras cáiliúcháin agus an dámhachtain atá beartaithe riachtanais an tsainghrúpa seo.
- C. Ní mór don fhoras cáiliúcháin a leagan amach go soiléir conas a shásaíonn an dámhachtain atá beartaithe riachtanais aon cheann díobh seo a leanas: lucht tionscail, lucht talmhaíochta, lucht gnó, lucht turasóireachta agus trádála, gairmithe, agus an tseirbhís phoiblí.
- D. Ní mór don fhoras cáiliúcháin fianaise a sholáthar ar rannpháirtíocht agus comhairliúchán le príomhpháirtithe leasmhara lena n-áirítear foghlaimeoirí, fostóirí, agus grúpaí ábhartha a leagtar amach in 17.1(d) chun tacú leis an ngá atá le hoiriúnacht agus le hinbhuanaitheacht na dámhachtana molta.
- E. Ní mór don fhoras cáiliúcháin ábhartha fianaise ábhartha nó tuar eolasach ar ghnóthachtaíil an fhoghlaimeora a sholáthar; staitisticí maidir le críochnú agus éirí as; agus dul ar aghaidh chuig fostaíocht nó eile.
- F. Nuair atá sé ar fáil, ní mór don fhoras cáiliúcháin fianaise ábhartha a sholáthar maidir le rochtain, aistriú agus forchéimniú; aitheantas réamhfhoghlama; agus cead isteach ginearálta.

18. TAGAIRT CHUÍ DÉANTA DON CNC

Ní mór dámhachtainí LABanna a dheardh de réir an bheartais agus na gcritéar atá mar bhonn agus taca ag an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí¹² le béim ar leith ar úsáid chuí na leibhéal, na dtuairisceoirí cineáil dámhachtana agus na torthaí foghlama.

18.1 DEARADH DÁMHACHTAINÍ

- A. Bainfidh an foras cáiliúcháin úsáid as an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) mar an príomhphointe tagartha chun an caighdeán dámhachtana sonrath gaolmhar a fhorbairt.
- B. Cinnteoidh an foras cáiliúcháin go gcuirfear dámhachtainí molta in iúl i dtéarmaí caighdeáin shoiléire dámhachtana. Ní mór tagairt chuí a dhéanamh do na caighdeáin dámhachtana seo do thuairisceoirí an CNC.
- C. Ní mór dámhachtainí a chur in iúl i dtéarmaí íostorthaí foghlama tuartha atá ag teacht le caighdeán na dámhachtana agus le tuairisceoirí an CNC.
- D. Caithfidh na híostorthaí foghlama tuartha a bheith oiriúnach do theideal na dámhachtana, do mhéid na gcreidmheasanna, do na caighdeáin cheirde ábhartha, agus don mhodh seachadta molta.
- E. Ní mór leibhéal a leithdháileadh ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí ar dhámhachtainí a thagann le caighdeán na dámhachtana, le tuairisceoirí an CNC agus leis na torthaí foghlama atá beartaithe.
- F. Ní mór aicme dámhachtana a leithdháileadh ar dhámhachtainí a thagann le caighdeán na dámhachtana, le tuairisceoirí an CNC agus leis na torthaí foghlama atá beartaithe.
- G. Ní mór dámhachtainí CNC a chur in iúl i dtéarmaí méideanna creidmheasa, oiriúnach do leibhéal na dámhachtana agus de ghnáth beidh siad de réir na gcoinbhinsiún comhaontaithe mar atá leagtha amach in Aguisín A. Is cuí leanúint ar aghaidh ag bronnadh aon dámhachtainí sainithe gairmiúla ábhartha mar theideal dámhachtana breise.
- H. Caithfidh teidil dámhachtana comhleanúnacha oiriúnacha a bheith ag dámhachtainí atá ag teacht le haon choinbhinsiún ainmnithe chomhaontaithe agus a bheith mar fhoinse shoiléir eolais d'fhoghlaimoírí, d'fhostóirí agus do phríomhpháirtithe leasmhara eile.
- I. Ní mór don fhoras cáiliúcháin a leagan amach go soiléir conas a shásaíonn leibhéal, cineál agus méid na dámhachtana riachtanais na spriocghrúpaí foghlaimoírí agus na bpríomhpháirtithe leasmhara ábhartha.

18.2 CINNTEOIREACTH INMHEÁNACH

- A. Dearfar dámhachtainí de réir socruithe institiúideacha maidir le forbairt agus athbhreithniú dámhachtana/cláir/cáilíochta, agus ní mór fianaise a bheith ann go ndéanann struchtúir rialachais institiúideacha breithniú orthu.
- B. Agus measúnú á dhéanamh ar dhámhachtain nua, ní mór don fhoras cáiliúcháin fianaise a chur ar fáil go ndearnadh breithniú ar ailíniú na dtorthaí foghlama atá beartaithe le tuairisceoir ábhartha an CNC.

- C. Ní mór go n-áireofaí in athbhreithnithe ar dhámhachtainí agus ar chaighdeáin meastóireacht ar thorthaí foghlama atá beartaithe agus bainte amach mar a mheasúnaítear iad i gcomparáid leis na caighdeáin dámhachtana ábhartha.
- D. Nuair a bheidh sé ar fáil, soláthróidh an foras cáiliúcháin fianaise ar an athbhreithniú is déanaí ar an dámhachtain, lena bhféadfaí athbhreithniú cláir ghaolmhar a áireamh, agus a chaighdeán dámhachtana. Ba cheart go mbeadh athbhreithniú déanta ar gach dámhachtain mholta tráth nach déanaí ná 3 bliana roimh a chur isteach lena chuimsiú laistigh den Chreat.
- E. Tabharfaidh an foras cáiliúcháin breac-chuntas ar an gcaoi ar iarradh aiseolas ó fhoghlaimeoirí agus ó pháirtithe leasmhara eile agus a úsáideadh é i bhforbairt agus in athbhreithniú na dámhachtana agus na caighdeáin agus na torthaí foghlama a bhaineann léi.

19. CEADÚ AGUS/NÓ CREIDIÚNÚ ÁBHARHA GAIRMIÚIL, REACTÚIL NÓ RIALÁLA

Ní mór do LABanna aon cheadú seachtrach riachtanach nó ábhartha a theastaíonn ó chomhlachtaí gairmiúla, reachtúla nó rialála a leagan amach go soiléir agus cur síos a dhéanamh orthu.

19.1 MEASTÓIREACHT SHEACHTRACH

- A. Ní mór don fhoras cáiliúcháin breac-chuntas a thabhairt ar aon cheadú/luacháil ghairmiúil, reachtúil nó rialála atá beartaithe agus/nó riachtanach maidir le dámhachtainí aonair agus/nó na cláir ghaolmhara, a theastaíonn chun críocha fostaíochta nó riachtanais tionscail.
- B. Ní mór don fhoras cáiliúcháin aon mheastóireachtaí seachtracha comhaontaithe ar dhámhachtainí molta (agus ar chláir ghaolmhara) a leagan amach, lena n-áirítear torthaí na meastóireachta seachtraí sin.
- C. Ní mór don fhoras cáiliúcháin breac-chuntas a thabhairt ar an gcaoi ar dearadh, ar ceadaíodh agus ar athbhreithníodh na dámhachtainí aonair ábhartha agus meastóireacht sheachtrach dá leithéid san áireamh, mar aon le cur síos soiléir ar aon cheanglais a thagann salach ar na beartais agus na critéir seo.

20. MEASÚNÚ

Ní mór go mbeadh cleachtais mheasúnaithe chuí agus dhéine i bhfeidhm ag LABanna do dhámhachtainí a chuimsítear laistigh den Chreat.

20.1 MEASÚNÚ, SCRÚDÚ SEACHTRACH AGUS PEARSANRA EILE DC

- A. Ní mór don fhoras cáiliúcháin an mhodheolaíocht measúnaithe do dhámhachtainí molta a leagan amach agus na torthaí foghlama atá beartaithe ag feidhmiú mar thagairt chun caighdeáin a mheasúnú.
- B. Ní mór don fhoras cáiliúcháin cur chuige an mheasúnaithe a leagan amach ag cinntiú go ndéantar feidhmíocht an fhoghlaim a mheas i gcomparáid leis na caighdeáin ábhartha agus go mbronntar cáilíochtaí bunaithe ar thorthaí foghlama a baineadh amach.
- C. Ní mór don fhoras cáiliúcháin breac-chuntas a thabhairt ar an gcaoi a mbunaítear an cinneadh ar rangú dámhachtana ar an gcur chuige measúnaithe agus ar fheidhmíocht an fhoghlaim a mheas.
- D. Déanfaidh an foras cáiliúcháin cur síos ar an modhnóireacht ábhartha inmheánach agus sheachtrach atá i bhfeidhm don dámhachtain atá beartaithe agus leagfaidh sé amach conas a chuir sé le cleachtas measúnaithe iontaoifa i gcás na dámhachtana atá beartaithe.
- E. Leagfaidh an foras cáiliúcháin amach conas a úsáideadh comhairle neamhspleách scrúdaitheoirí seachtracha maidir le caighdeáin dámhachtana chun an caighdeán dámhachtana molta a fheabhsú agus a nuashonrú.
- F. Tabharfaidh an foras cáiliúcháin breac-chuntas ar conas a shásaíonn an cur chuige measúnaithe riachtanais an spriocghrúpa foghlaim a mheas agus príomhpháirtithe leasmhara eile.

21. IONTRÁIL AGUS ROCHTAIN AR DHÁMHACHTAINÍ ATÁ CUIMSITHE LAISTIGH DEN CHREAT.

21.1 ROCHTAIN, AISTRIÚ & FORCHÉIMNIÚ

- A. Ní mór don fhoras cáiliúcháin na socruithe maidir le rochtain a fháil ar chlár as a leanfaidh an dámhachtain a leagan amach, lena n-áirítear socruithe chun réamhfhoghlaim a aithint, aistriú, imeacht agus dul ar aghaidh chuig dámhachtainí/clár eile.
- B. Ní mór don fhoras cáiliúcháin breac-chuntas a thabhairt ar thoradh athbhreithnithe ar na riachtanais iontrála molta agus na socruithe maidir le rochtain, aistriú agus forchéimniú.
- C. Ní mór don fhoras cáiliúcháin a leagan amach conas a shásaíonn na riachtanais iontrála agus na socruithe maidir le rochtain, aistriú agus forchéimniú riachtanais an spriocghrúpa foghlaim a mheas agus príomhpháirtithe leasmhara eile.

21.2 AITHEANTAS RÉAMHFHOGLAMA (RPL)

- A. Ní mór don fhoras cáiliúcháin breac-chuntas a thabhairt ar na socruithe sonracha d'aitheantas réamhfhoghlama don dámhachtain lena n-áirítear bailíochtú na foghlama neamhfoirmiúla

agus mífhoirmiúla.

- B. Ní mór don fhoras cáiliúcháin na socruithe a leagan amach, más ábhartha, chun dámhachtain a dhéanamh ar bhonn RPL amháin.

21.3 CREIDMHEAS

- A. Tá an méid creidmheasa atá molta don dámhachtain ag teacht leis an leibhéal, an cineál dámhachtana, an aicme dámhachtana, an caighdeán dámhachtana, tuairisceoirí CNC agus na raonta creidmheasa a nglactar leo.
- B. Tá an méid creidmheasanna, agus an t-ualach oibre gaolmhar, oiriúnach do riachtanais na spriocghrúpaí foghlaimoirí agus na bpríomhpháirtithe leasmhara.
- C. Tá an mhodheolaíocht measúnaithe atá beartaithe oiriúnach don mhéid creidmheasa atá beartaithe don dámhachtain.

22. EOLAS A SHOLÁTHAR D'FHOGHLAIMEOIRÍ

- A. Cothaíonn teideal na dámhachtana tuiscint an phobail ar na héilimh agus na torthaí a bhfuiltear ag súil leo ón gcineál cáilíochta agus tá sé ag teacht le gnásanna ainmnithe do mhórdhámhachtainí agus do dhámhachtainí nach mórdhámhachtainí iad.
- B. Tá eolas poiblí faoi dhámhachtainí molta soiléir, cuimsitheach, agus comhsheasmhach le forálacha Alt 67 den Acht.

CUID 4: LAB A ATHBHREITHNIÚ, A THARRAINGT SIAR NÓ A ATHRÚ

Tá an próiseas le haghaidh athbhreithniú, tarraingt siar nó athrú liostú leagtha amach sa Pholasáí agus Critéir chun Comhlachtaí Dámhachtana Liostaithe a Bhunú.

23. ULLMHÚCHÁN D'ATHBHREITHNIÚ

Mar chuid dá ullmhúchán d'athbhreithniú faoi Alt 55G den Acht, ba cheart d'fhoras cáiliúcháin liostaithe a chinntiú go bhfuil athbhreithniú déanta ar gach dámhachtain, lena n-áirítear caighdeáin dámhachtana gaolmhara agus torthaí foghlama, agus nuair is gá, go ndéantar iad a nuashonrú uair amháin ar a laghad i ngach tréimhse seacht mbliana. Ba cheart go dtacódh fianaise ó mhodhnóireacht inmheánach agus sheachtrach le haon nuashonrú den sórt sin. Ba cheart go mbeadh LABanna in ann fianaise a thabhairt ar an ngá leanúnach agus ar oiriúnacht gach dámhachtana a chuimsítear laistigh den Chreat agus fianaise thacaíochta a sholáthar chun aiseolas ó fhoghlaimoír, ó fhostóirí agus ó phríomhpháirtithe leasmhara eile a bhreithniú agus a chur i ngníomh.

24. TORADH AN ATHBHREITHNITHE

Tar éis athbhreithniú a rinneadh faoi Alt 55G den Acht, féadfaidh QQI ceadú nósanna imeachta DC agus/nó ATP a tharraingt siar a d'fhéadfadh cur isteach ar chumas an LAB leanúint ar aghaidh ag déanamh dámhachtainí atá cuimsithe laistigh den Chreat.

Tar éis athbhreithniú den sórt sin, féadfaidh an tÚdarás a chinneadh nach bhfuil sé cuí a thuilleadh go leanfaí d'ainm fhoras cáiliúcháin a chuimsiú ar liosta na gcomhlachtaí dámhachtana maidir le dámhachtainí uile an chomhlachta, nó maidir le cuid de dhámhachtainí an chomhlachta.

Áirítear ar na forais le cinneadh den sórt sin a shonraítear in Alt 55H(3):

- Ag féachaint do Bheartas agus Critéir QQI chun Comhlachtaí Dámhachtana Liostaithe a Bhunú níl sé cuí a thuilleadh an comhlacht a chuimsiú ar liosta na gcomhlachtaí dámhachtana nó ba cheart na coinníollacha a fhorchuirtear a athrú.
- Theip ar an bhforas cáiliúcháin lena mbaineann ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha a fhorchuirtear faoi Alt 55F(7)(f) a chomhlíonadh.
- Tá cásanna eile ann maidir leis an dámhachtain lena mbaineann a mheasann an tÚdarás go dtugann sé bonn cirt réasúnach chun dámhachtainí an chomhlachta a scriosadh go hiomlán nó go páirteach den liosta.
- D'fhéadfadh go mbeadh (i) scriosadh iomlán, (ii) scriosadh páirteach agus/nó (iii) coinníollacha nua a chur i bhfeidhm mar thoradh ar athrú ar liostú LAB.
- Fágann scriosadh iomlán ainm an LAB a bhaint den liosta, rud a fhágann go mbaintear gach dámhachtain den Chreat.
- Is éard is scriosadh páirteach ann nuair nach n-áirítear roinnt dámhachtainí laistigh den Chreat.

- Féadfar coinníollacha a fhorchur ar an LAB.

24.1 ÉIFEACHT SCRIOSTA IOMLÁN NÓ PÁIRTEACH

Mar a leagtar amach in Alt 55l(1), i gcás scriosadh iomlán, ní dhéanfar aon dámhachtain a mheas mar dhámhachtainí atá cuimsithe laistigh den Chreat. Ní áirítear ach na dámhachtainí sonraithe mar dhámhachtainí a chuimsítear laistigh den Chreat i gcás scriosadh páirteach.

Mar atá sonraithe in Alt 55l(3), leanann dámhachtainí a dhéantar tar éis scriosadh iomlán nó páirteach de bheith ina ndámhachtainí laistigh den Chreat i gcás mac léinn a bhí cláraithe ar chlár as ar tháinig an dámhachtain sin roimh an scriosadh.

24.2 TARRAINGT SIAR NÓ ATHRÚ A THIONSCNAÍONN LAB

Féadfaidh LAB iarracht a dhéanamh iad féin a bhaint go deonach de liosta na bhforas cáiliúcháin nó féachaint le roinnt dámhachtainí a tharraingt siar go deonach ón gCreat. Ba chóir do LABanna atá ag iarraidh baint dheonach de chineál ar bith teagmháil a dhéanamh le QQI chun pleanáil a dhéanamh dó seo. D'fhéadfadh go mbeadh sé riachtanach leanúint ar aghaidh ag deanamh dámhachtainí de chuid an Chreata ar feadh tréimhse do na foghlaimeoirí sin atá cláraithe cheana féin.

AGUISÍN A: TEIDEAL DÁMHACHTANA AGUS COINBHINSIÚIN CHREIDMHEASA

Leibhéal den Chreat	Mórdámhachtainí		Miondámhachtainí ¹³		Dámhachtainí Sainchuspóra ¹⁴		Dámhachtainí Forlíontachta ¹⁴	
	Teideal	Luach Creidmheasa/ Raon Creidmheasa	Teideal	Luach Creidmheasa/ Raon Creidmheasa	Teideal	Luach Creidmheasa/ Raon Creidmheasa	Teideal	Luach Creidmheasa/ Raon Creidmheasa
1	Deimhniú Leibhéal 1	20	Deimhniú Comhpháirte Leibhéal 1	5, 10				
2	Deimhniú Leibhéal 2	30	Deimhniú Comhpháirte Leibhéal 2	5,10				
3	Deimhniú Leibhéal 3	60	Deimhniú Comhpháirte Leibhéal 3	5,10,20	Deimhniú Sainchuspóra Leibhéal 3	5-60	Deimhniú Forlíontach Leibhéal 3	5-60
4	Deimhniú Leibhéal 4	90	Deimhniú Comhpháirte Leibhéal 4	5,10,15,20	Deimhniú Sainchuspóra Leibhéal 4	5-90	Deimhniú Forlíontach Leibhéal 4	5-90
5	Deimhniú Leibhéal 5	120	Deimhniú Comhpháirte Leibhéal 5	5,10,15,30	Deimhniú Sainchuspóra Leibhéal 5	5-120	Deimhniú Forlíontach Leibhéal 5	5-120
6 ¹⁴	Ardteastas	120	Deimhniú Comhpháirte Leibhéal 6	5,10,15,30	Deimhniú Sainchuspóra Leibhéal 6	5-120	Deimhniú Forlíontach Leibhéal 6	5-120
6	Ardteastas	120	Teastas	<120	Teastas	<120	Teastas	<120
7	Gnáthchéim Bhaitsiléara	180	Teastas	<60	Teastas	<60	Teastas	<60
			Dioplóma	60	Dioplóma	60	Dioplóma	60
8	Céim Onóracha Baitisiléara	180-240	Teastas	<60	Teastas	<60	Teastas	<60
	Ard-Dioplóma		60	Dioplóma	60	Dioplóma	60	Dioplóma
9	Céim Máistir	60-120	Teastas	<60	Teastas	<60	Teastas	<60
	Dioplóma Iarchéime	60	Dioplóma	60	Dioplóma	60	Dioplóma	60
10 ¹⁵	Dochtúir-eacht	n/bh						

13 Is féidir gach ceann de na cineálacha dámhachtana seo a úsáid chun micrea-dhintiúir a fhorbairt astu.

14 Oibrítear Leibhéil 1-5 agus an tArd-Deimhniú ag Leibhéal 6 faoi chóras creidmheasa BOO

15 Oibrítear Leibhéil 7-10 agus an tArd-Deimhniú ag Leibhéal 6 faoi chóras creidmheasa ECTS

AGUISÍN B: GLUAIS GIORRÚCHÁN, ACRAINMNEACHA AGUS TÉARMAÍ

Acht 2012 ('an tAcht')

Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012 (leasú)

Rochtain, aistriú agus forchéimniú

Is ionann rochtain, aistriú agus forchéimniú (ATP) agus na cosáin atá ar fáil d'fhoghlaimoirí chun dul isteach i gcláir, aistriú idir cláir agus dul ar aghaidh as cláir oideachais agus oiliúna, arb é seo an príomhchosán chun dámhachtainí agus cáilíochtaí a ghnóthú.

Printíseacht

Clár struchtúrtha oideachais agus oiliúna is ea printíseacht, ina ndéantar foghlaim san ionad oibre a chumasc agus a rothlú go foirmiúil le foghlaim in ionas oideachais/oiliúna.¹⁶

Measúnú

Ciallaíonn measúnú foghlaimora (measúnú foghlama go sonrach) tátal (m.sh. breithiúnas nó meastachán nó meastóireacht) maidir le heolas, scil nó inniúlacht foghlaimora i gcomparáid le caighdeán atá bunaithe ar fhianaise chúí. Tá féinmheasúnú san áireamh leis seo.

Dámhachtain

Dámhachtain (cáilíocht) a bhronntar, a dheonaítear nó a thugann foras cáiliúcháin agus a thaifeadann go bhfuil caighdeán eolais, scile nó inniúlachta gnóthaithe ag foghlaimoir.

Foras cáiliúcháin

Comhlacht a eisiúnn dámhachtainí trína n-aithnítear torthaí foghlama go foirmiúil (eolas, scileanna, inniúlachtaí) duine aonair, tar éis nós imeachta measúnaithe agus bailíochtaithe.

Caighdeán dámhachtana

Aithnítear i gcaighdeáin dámhachtana na torthaí foghlama a bhfuiltear ag súil leo, lena n-áirítear gach oideachas agus oiliúint do chineál áirithe dámhachtana. Baineann siad leis an eolas, an fios gnó agus an scil, agus an inniúlacht a mbeifear ag súil leis ón bhfoghlaimoir atá le dámhachtain a ghnóthú. Áirítear leo caighdeáin ghinearálta do chineál áirithe dámhachtana agus caighdeáin shonracha do dhámhachtainí ainmnithe in ábhair nó i réimsí foghlama ar leith. Ba cheart go mbeadh caighdeáin inchomparáide eolais, scile agus inniúlachta ag foghlaimoirí a bhfuil dámhachtainí den chineál céanna acu.

Cineál dámhachtana

Tá ceithre rang dámhachtana i gceist leis an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí - mórdámhachtain, miondámhachtain, dámhachtain sainchuspóra agus dámhachtain fhorlíontach. Tá cineálacha dámhachtainí gairmiúla ar fáil freisin agus úsáidtear iad go príomha i gcomhar le cineál dámhachtana eile.

Forais cháiliúcháin chumaisc liostaithe (LABanna)

Feidhmíonn eagraíochtaí múnla cumaisc trína seachadann siad cuid dá gclár féin as a leanann dámhachtainí a chuimsítear laistigh den Chreat agus ina bhfostaíonn siad soláthraithe comhlachaithe chun clár eile a sheachadadh as a leanfaidh dámhachtainí atá cuimsithe laistigh den Chreat.

Méid na gcreidmheasanna

Tugtar méid na foghlama ar mhéid na foghlama is gá do dhámhachtain. I bhfoirm creidmheasanna e.g. 15 chreidmheas nó 240 creidiúint a thomhaistear méid na foghlama.

Comhlachtaí dámhachtana ainmnithe (DABanna)

Tá údarás faighte ag soláthraithe áirithe sa reachtaíocht lena gcuid clár féin a bhailíochtú agus a ndámhachtainí féin a eisiúint. Comhlachtaí dámhachtana ainmnithe (DABanna) a thugtar orthu seo. Is DABanna iad na hollscoileanna, Ollscoil na hÉireann, Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn (RCSI), institiúidí teicneolaíochta (IoTanna) agus ollscoileanna teicneolaíochta.

ESG

Caighdeáin agus Treoirínte um Dhearbhú Cáilíochta i Réimse Ardoideachais na hEorpa

An Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna (ECTS)

Is córas creidmheasa atá dírithe ar an bhfoghlaiméir é an Córas Eorpach Aistrithe agus Carntha Creidmheasa (ECTS) atá deartha chun é a dhéanamh níos fusa do mhic léinn bogadh idir tíortha éagsúla. Cuireann creidmheasanna ECTS in iúl méid na foghlama bunaithe ar thorthaí foghlama sainithe agus an t-ualach oibre a bhaineann leo. Cuidíonn ECTS freisin le cláir staidéir a phleanáil, a sheachadadh agus a mheas, agus déanann sé níos trédhearcaí iad.¹⁷

BOO

Breisoideachas agus oiliúint

AOO

Ardoideachas agus oiliúint (ardoideachas)

Clár Cáilíochtaí na hÉireann (IRQ)

Is é Clár Cáilíochtaí na hÉireann (IRQ) bunachar sonraí Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) do dhámhachtainí, soláthraithe agus cláir.

Comhdhámhachtain

Is féidir le dhá fhoras cáiliúcháin nó níos mó, a bhfuil cumhachtaí dámhachtana acu, dámhachtain amháin a bhronnadh ar fhoghlaiméir.

Torthaí foghlama

Athraíonn eolas, scil agus inniúlacht foghlaiméora mar thoradh ar an bhfoghlaim. Tugann torthaí foghlama breac-chuntas ar a bhfuiltear ag súil go mbeidh a fhios ag foghlaiméir, a bheidh in ann a dhéanamh agus a thuiscint ag deireadh próisis foghlama.¹⁸

Comhlachtaí dámhachtana liostaithe (LABanna)

Is foras cáiliúcháin é foras cáiliúcháin liostaithe (LAB) nach bhfuil cumhachtaí dámhachtana reachtúla ó thaobh dámhachtainí CNC aige sa Stát agus a fhéachann go deonach lena dhámhachtainí a chuimsiú laistigh den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

¹⁷ An Coimisiún Eorpach. An Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna (ECTS) [online]. Ar fáil ag: <https://education.ec.europa.eu/education-levels/higher-education/inclusive-and-connected-higher-education/european-credit-transfer-and-accumulation-system>.

¹⁸ Cedefop, 2017. Defining, writing and applying learning outcomes: a European handbook. Lucsamburg Oifig na bhFoilseachán Ar fáil ag: <http://dx.doi.org/10.2801/566770>.

Cúrsaí micridhintiúr

Tagraíonn cúrsaí micridhintiúr do cháilíocht (dámhachtain) a éiríonn as pacáiste foghlama ‘beag’, nuair a thagraíonn ‘beag’ don mhéid creidmheasa a bhaineann leis an dámhachtain. Is féidir miondámhachtana, dámhachtainí sainchuspóra agus dámhachtainí forlíontacha a úsáid chun cúrsaí micridhintiúr a fhorbairt i gCreat Cáilíochtaí na hÉireann.

An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) (‘an Creat’)

Is córas 10-leibhéal é An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar cháilíochtaí i gcóras oideachais agus oiliúna na hÉireann. Léiríonn an CNC conas a dhéantar Dámhachtainí Oideachais Ghinearálta, Dámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna agus Dámhachtainí Ardoideachais a mhapáil i gcoinne 10 leibhéal an chreata.

Tuairisceoirí cineáil dámhachtana an CNC

Is éard is tuairisceoir cineáil dámhachtana ann ná sraith ráiteas ar ghnóthachtaíil ghinearálta foghlama trína gcuireann síos ar dhámhachtain ar bith de chineál ar leith.

Greille táscairí leibhéil CNC

Greille 10-Leibhéal Táscairí Leibhéil atá mar chuid de chinneadh an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí. Léiríonn an ghreille conas a théann na torthaí i ngach ceann de na hocht bhfo-shnáithe chun cinn thar na deich leibhéal. Tá na táscairí leibhéil atá leagtha amach sa ghreille seo ceaptha chun cur ar chumas Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) cineálacha dámhachtana a chur ag leibhéil chuí den Chreat, bunaithe ar an meascán de thorthaí foghlama atá iontu.¹⁹

Comhlachtaí dámhachtana liostaithe neamsholáthraí (LABanna)

Eagraíochtaí a fhostaíonn soláthraithe eile, ar a dtugtar soláthraithe comhlachaithe, chun na cláir as a leanfaidh dámhachtainí a chuimsítear laistigh den Chreat a sheachadadh.

Clár

Tagraíonn clár oideachais agus oiliúna d’aon phróiseas trína bhféadfaidh foghlaimeoirí eolas, scil nó inniúlacht a ghnóthú. Áirítear leis cúrsaí staidéir nó teagaisc, printíseachtaí, oiliúint agus fostaíocht.

Comhlachtaí dámhachtana liostaithe soláthraithe (LABanna)

Eagraíochtaí a sheachadann a gcláir féin as a leanann dámhachtainí atá cuimsithe laistigh den Chreat.

19 Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2019. Greille Táscairí Leibhéil an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí. [pdf] Baile Átha Cliath: QQI. Ar fáil ag: <https://www.qqi.ie/sites/default/files/2022-09/NFQ%20Grid%20Level%20Indicators.pdf>.

Soláthraí	Is éard is ‘soláthraí cláir oideachais agus oiliúna’ ann ná duine nó comhlacht a sholáthraíonn, a eagraíonn nó a sholáthraíonn clár oideachais agus oiliúna.
DC	Dearbhú cáilíochta
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI)	Is í Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) an ghníomhaireacht stáit atá freagrach as dearbhú cáilíochta seachtrach an bhreisoideachais agus an ardoideachais in Éirinn.
Aitheantas Réamhfhoghlama (RPL)	Is próiseas é Aitheantas Réamhfhoghlama (RPL) chun na scileanna agus an t-eolas atá faighte ag duine sa saol lasmuigh den oideachas agus den oiliúint fhoirmiúil a mheas.
Soláthraí ábhartha	Sainmhínítear an rud is soláthraí ábhartha ann faoi alt 1 d’Acht 2012 (leasaithe). Áirítear leo ollscoileanna; ollscoileanna teicneolaíochta; institiúidí teicneolaíochta; Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn (RCSI); soláthraithe a bhfuil a gcuid clár bailíochtaithe ag Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI); soláthraithe a bhfuil údarás tarmligthe acu ón QQI chun dámhachtainí a bhronnadh; soláthraithe atá údaraithe ag QQI chun an IEM a úsáid; soláthraithe nasctha; agus comhlachtaí dámhachtana liostaithe a sholáthraíonn clár amháin nó níos mó as a leanann a ndámhachtainí féin a chuimsítear laistigh den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC).

AGUISÍN C: FOINSÍ AGUS ACMHAINNÍ

Cedefop, 2017. *Defining, writing and applying learning outcomes: a European handbook*. Lucsamburg Oifig na bhFoilseachán Ar fáil ag: <http://dx.doi.org/10.2801/566770>.

An tAcht Oideachais 1998 [ar líne] Ar fáil ag: <https://www.irishstatutebook.ie/eli/1998/act/51/enacted/en/html>.

An Coimisiún Eorpach, an Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr. *An Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna (ECTS)* [online]. Ar fáil ag: <https://education.ec.europa.eu/education-levels/higher-education/inclusive-and-connected-higher-education/european-credit-transfer-and-accumulation-system>.

An Coimisiún Eorpach, an Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr. *Treoir d'úsáideoirí ECTS 2015* [online] Oifig na bhFoilseachán: 2017. Ar fáil ag: <https://data.europa.eu/doi/10.2766/87192>.

An tÚdarás um Ard-Oideachas (ÚAO) *Printíseachtaí* [ar líne] Ar fáil ag: <https://hea.ie/skills-engagement/apprenticeships/>.

An tAcht um Oiliúint Thionsclaíoch 1967 Athbhreithnithe. [ar líne] Ar fáil ag: <https://revisedacts.lawreform.ie/eli/1967/act/5/revised/en/pdf?annotations=true#:~:text=This%20Revised%20Act%20is%20an%20administrative%20consolidation%20of%20the%20Industrial,and%20consolidation%20of%20statute%20law>.

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (NQAI), 2003. *Imlíne den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí – Cinntí arna ndéanamh ag Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann*. [pdf] Baile Átha Cliath: NQAI. Ar fáil ag: <https://www.qqi.ie/sites/default/files/media/file-uploads/Determinations%20for%20the%20outline%20National%20Framework%20of%20Qualifications.pdf>.

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann, 2003. *Beartais agus Critéir chun an Creat Náisiúnta Cáilíochtaí a bhunú*. [PDF]. Ar fáil ag: <https://www.qqi.ie/sites/default/files/2022-09/Policies%20%26%20Criteria%20for%20the%20Establishment%20of%20the%20National%20Framework%20of%20Qualifications.pdf>.

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (NQAI), 2006. *Prionsabail agus Treoirlínte Oibríochtúla chun Cur Chuige Náisiúnta i leith Creidmheas a Fheidhmiú in Ardoideachas agus Oiliúint na hÉireann*. [pdf] Baile Átha Cliath: NQAI. Ar fáil ag: <https://www.qqi.ie/sites/default/files/media/file-uploads/principlesandoperguidelinesgreen.pdf>.

Caighdeáin agus Treoirlínte um Dhearbhú Cáilíochta i Réimse Ardoideachais na hEorpa (ESG), 2015 [pdf] An Bhruiséil, An Bheilg. Ar fáil ag: https://www.ehea.info/media.ehea.info/file/ESG/00/2/ESG_2015_616002.pdf.

Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint) 1999 [ar líne] Ar fáil ag: <https://www.irishstatutebook.ie/eli/1999/act/26/enacted/en/html>.

An tAcht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012 Athbhreithnithe. [ar líne] Ar fáil ag: <https://revisedacts.lawreform.ie/eli/2012/act/28/front/revised/en/html>.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) *Tuairisceoirí do Chineálacha Dámhachtainí Miondámhachtana, Sainchuspóra, Forlíontacha Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann* [pdf].

Baile Átha Cliath: QQI. Ar fáil ag: <https://www.qqi.ie/sites/default/files/2022-01/descriptors-minor-spa-supplemental-awards.pdf>.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) Clár Cáilíochtaí na hÉireann [ar líne] Ar fáil ag: <https://irq.ie/>.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2014. *Tuairisceoirí Cineálacha dámhachtana Gairmiúla (Aicme Dámhachtainí: Gairmiúil) chun Dámhachtainí Gairmiúla a Ailíniú ag Leibhéal CNC 5, 6, 7, 8 agus 9.* [pdf] Baile Átha Cliath: QQI. Ar fáil ag: <https://www.qqi.ie/sites/default/files/2022-09/Professional%20Award%20Type%20Descriptors.pdf>.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2014. *Beartas agus Critéir chun Dámhachtainí Gairmiúla a Aithint laistigh den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí.* [pdf]. Baile Átha Cliath: QQI. Ar fáil ag: <https://www.qqi.ie/sites/default/files/2021-11/qp-5-policy-and-criteria-for-recognising-professional-awards-within-the-nfq.pdf>.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2015. *Athráiteas ar Bheartas QQI: Beartas agus Critéir um Rochtain, Aistriú agus Forchéimniú maidir le Foghlaimoirí do Sholáthraithe Breisoideachais agus Ardoideachais agus Oilíúna.* [pdf]. Baile Átha Cliath: QQI. Ar fáil ag: <https://www.qqi.ie/sites/default/files/media/file-uploads/ATP%20Policy%20Restatement%20FINAL%202018.pdf>.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2016. *Croí-Threoirínte Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta* [pdf] Baile Átha Cliath: QQI. Ar fáil ag: <https://www.qqi.ie/sites/default/files/2021-11/qq-1-core-statutory-quality-assurance-guidelines.pdf>.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2016. *Nósanna Imeachta agus critéir maidir le tarmligean údaráis.* [pdf] Baile Átha Cliath: QQI. Ar fáil ag: <https://qsdocs.qqi.ie/Publications/Publications/Procedures%20and%20criteria%20relating%20to%20delegation%20of%20authority.pdf>.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2017. *Beartas agus Critéir chun Dámhachtainí a Bhronnadh.* [pdf] Baile Átha Cliath: QQI. Ar fáil ag: <https://www.qqi.ie/sites/default/files/2021-11/qp-11-policy-and-criteria-for-making-awards.pdf>.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2019. *Greille Táscairí Leibhéal an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí.* [pdf] Baile Átha Cliath: QQI. Ar fáil ag: <https://www.qqi.ie/sites/default/files/2022-09/NFQ%20Grid%20Level%20Indicators.pdf>.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2021. *Rochtain, Aistriú agus Forchéimniú* [ar líne] Ar fáil ag: <https://www.qqi.ie/what-we-do/qqi-awards/access-transfer-and-progression-provider>.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2021. *Achomharc a dhéanamh i gcoinne cinnidh a rinne QQI* [ar líne] Ar fáil ag: <https://www.qqi.ie/appealing-a-decision-made-by-qqi>.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2021. *Dámhachtainí ar an CNC san áireamh.* [ar líne] Ar fáil ag: <https://www.qqi.ie/what-we-do/the-qualifications-system/listed-awarding-bodies>.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2021. *Clár Cáilíochtaí na hÉireann* [ar líne] Ar fáil ag: <https://www.qqi.ie/what-we-do/the-qualifications-system/irish-register-of-qualifications>.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2021. *An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí.* [ar líne] Ar fáil ag: <https://www.qqi.ie/what-we-do/the-qualifications-system/national-framework-of-qualifications>.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2021. *Aitheantas Réamhfhoghlama do Sholáthraithe* [ar líne] Ar

fáil ag: <https://www.qqi.ie/what-we-do/qqi-awards/recognition-of-prior-learning-provider>.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2021. *Treoirínite maidir le Dearbhú Cáilíochta*: [ar líne] Ar fáil ag: <https://www.qqi.ie/node/632>.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2021. *Caighdeáin dámhachtana QQI* [ar líne] Ar fáil ag: <https://www.qqi.ie/what-we-do/qqi-awards/qqi-awards-standards>.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2021. *Cineálacha Dámhachtana QQI* [ar líne] Ar fáil ag: <https://www.qqi.ie/what-we-do/qqi-awards/qqi-awards-standards/types-of-qqi-awards>.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2022. *Prótacal comh-earnála idir forais cháiliúcháin ainmnithe agus Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann chun cáilíochtaí a chuimsiú laistigh den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí*. [pdf] Ar fáil ag: <https://www.qqi.ie/sites/default/files/2022-07/Joint-sectoral%20protocol%20DABs.pdf>.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2023. *Sainearnálacha Forais Cháiliúcháin Liostaithe - Treoirínite Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta arna gcur i dtoll a chéile ag QQI le haghaidh Foras Cáiliúcháin Liostaithe a dhéanann teagmháil le QQI ar bhonn deonach*. (le foilsiú)

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2023. *Beartas agus Critéir QQI chun Eagraíocht a Bhunú mar Fhoras Deimhniúcháin Liostaithe*. (le foilsiú)



Arna chomhchistiú ag an Aontas Eorpach

Arna mhaoiniú ag an Aontas Eorpach. Tuairimí agus barúlacha de chuid an údair/na n-údar amháin atá sna tuairimí agus barúlacha a thugtar, agus ní gá go léiríonn siad cinn an Aontais Eorpaigh ná cinn Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr (EACEA). Ní féidir leis an Aontas Eorpach ná le EACEA a bheith freagrach astu.